

# **COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA**

## **POLASAÍ TAISCEADÁN**

### **Cúlra**

Le blianta fada tá éileamh á dhéanamh ag scoláirí agus tuismitheoirí ar Thaisceadáin do dhaltaí na scoile agus thuig bainistíocht na scoile go raibh géar-ghá leo, ach dé bharr easpa spáis, ní raibh aon leigheas ar an scéal. Anois áfach, le síneadh nua na scoil i 2010, tá ar chumas bainistíocht na scoile taisceadáin a chur ar fáil.

Leagann an doiciméad seo amach roinnt fachtóirí a théann le h-úsáid na dtaisceadán:

- Réasúnaíocht
- Soláthar
- Suíomh
- Úsáid
- Cigireacht

### **Réasúnaíocht**

Is é an réasúnaíocht is mó chun na taisceadáin seo a chur ar fáil ná de bharr cúrsaí sláinte, sábháilteacht, agus éascaíocht de dhaltaí na scoile. Leis na daltaí ag iompar ualach trom ó thaobh leabhair de thimpeall na scoile ar feadh an lae, is cinnte go mbeidh fáilte mhór rompu.

Cuirtear na taisceadáin seo ar fáil d'úsáid na ndaltaí chun ábhar scoile agus ábhar phearsanta atá riachtanach ó thaobh scoile de. Níl na taisceadáin seo le bheith in úsáid mar ionad stórála d'ábhair a bheadh dainséarach ná mífheiliúnach ó thaobh sláinte ná timpeallacht na scoile de. Is é aidhm atá le soláthar na dtaisceadáin ná chun feabhas a chur le taithí oideachasúil na ndaltaí agus chun spreagadh a thabhairt dóibh a bheith níos eagraithe.

### **Soláthar**

- Den chuid is mó, is d'úsáid na scoláirí iad na taisceadáin seo. Má bhíonn ball foirne ag lorg taisceadán, cuirfear ceann ar fáil dóibh má tá dóthain ann.
- Beidh na taisceadáin ar fáil le linn na scoil bhliana ó mhí Meán Fómhair go mí Bealtaine. Tabharfar taisceadán áirithe do gach scoláire ag túis na scoil bhliana, áit a mbeidh sé/sí freagrach dó. Is é seo an t-aon taisceadán a bheidh ceadaithe do dhalta ar bith.
- Ba chóir cinntíú go bhfuil gach taisceadán coinnithe go maith.

## COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA

- Níor choir scríobh ná marc ar bith a chur ar thaisceadán.
- Ní cóir go mbeadh aon bhia as dáta, éadach fluch, &rl. fágtha sa taisceadán ag am ar bith.
- Ag deireadh na scoil bhliana:
  - (i) Ni mór don té ar leis an taisceadán é a fholmhú agus a fhágáil glan mar a frithéadh é ag túis na bliana.
  - (ii) Cuirfidh gach scoláire an glas i gclúdach litreach lena n-ainm air agus coinneofar é sa scoil go túis na scoil bhliana dár gcionn.
  - (iii) Is féidir le scoláirí na hArdteistiméireachta na glais a dhíol ar ais leis an scoil, má bhíonn siad i stad mhaith.
- Is é an táille bliantúil do thaisceadán ná €10. Beidh ar gach scoláire atá in éilimh taisceadán, glas príobháideach a chéannacht ón scoil ar €6. Coinneofar ainm an scoláire agus uimhir an ghlaibh go daingean in oifig an Phríomhoide.
- Ba choir uimhir an ghlaibh a chur de ghlan mheabhair. Coinnigh an uimhir rúnda - scríobh in áit sábháilte é más gá.
- Níor chóir go mbeadh uimhir glais ag aon scoláire seachas an duine ar leis/lei an taisceadán.
- Níl bainistíocht na scoile freagrach do shábháilteacht earraí in aon taisceadán.
- Ní mór do gach scoláire an glas atá ceadaithe ag an scoil a úsáid. Tógfar aon għlas mí-dhleathach a fhaightear agus għeobhfar réidh leis gan fógra.

### Suíomh

Beidh na taisceadáin suite in áiteacha difriúla sa scoil:

- Pasáiste sa bhFoigħneamħ Nua
- Pasáiste taobh amuigh do Sheomra 4
- Seomra 7

# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA

## Úsáid na dTaisceadán

- Tá na taisceadáin á gcur ar fáil le ábhair scoile agus míreanna pearsanta a bhaineann leis an scoil a stóráil.
- Tá sé de dhualgas ar scoláirí na taisceadáin a choinneáil glan agus slachtmhar.
- Ba chóir leabhair agus ábhar ranga a bhailiú ag na h-amannta seo a leanas:

Luan, Céadaoin, Déardaoin.	Roimh 8.55 r.n.	Idir 11.00 agus 11.20 r.n..	Idir 1.20 agus 1.55 i.n.
Máirt	Roimh 8.55 r.n.	Idir 10.45 agus 11.05 r.n.	Idir 1.30 agus 2.05 i.n.
Aoine	Roimh 8.55 r.n.	Idir 11.00 agus 11.20 r.n.	

- Is féidir le scoláirí na taisceadáin a úsáid tar éis am scoile.
- Níl sé de chead ag scoláire ar bith taisceadán scoláire eile a oscailt.
- Tá baint ag Polasaithe eile na scoile le h-úsáid taisceadáin, iad seo san áireamh:
  - Polasaí Úsáid Drugaí
  - Polasaí Frith-Bhulaíocht
  - Polasaí Cód Iompair

## Cigireacht ar Thaisceadán

- Tá sé de cheart ag Údarás na Scoile cigireacht/iniúchadh a dhéanamh ar thaisceadán agus a bhfuil ann ag am ar bith chun a chinntiú go bhfuil sé coinnithe i n-ord atá ceart agus cóir.
- Sa chás, go bhfuil amhras faoi thaisceadá(i)n scoláire(i), tá sé de chead ag Údarás na Scoile cigireacht a dhéanamh ar an dtaisceadán láithreach. Má faightear earraí doicheallach, a bheadh in ann damáiste a dhéanamh de threalamh na scoile, nó dochar de sláinte/sábhálteachta an scoláire féin nó do scoláirí eile, cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó na hÚdaráis cuí ar an eolas.
- Déanfaidh an Príomhoide agus ball foirne eile na scoile an chigireacht.
- Ní gá go mbeadh scoláire i láthair le linn na cigireachta.

## **Athbhreithniú Polasaí**

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí seo i 2018, agus leasú, más gá.

Sínithé: Thomas Ó Ceideal Bha  
Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta

Dáta: 29/5/2019